Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11587/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0190 (NLE)**

**FISC 249**
**ECOFIN 975**
**ENER 500**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 354 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear Éire chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le húsáid tráchtála gás-ola ag oibreoirí áirithe iompair de bhóthar, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 354 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 354 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2026
COM(2026) 354 final

2026/0190 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear Éire chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le húsáid tráchtála gás-ola ag oibreoirí áirithe iompair de bhóthar, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Déantar cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas a rialáil le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1] (an 'Treoir').

De bhun Airteagal 19(1) den Treoir, sa bhreis ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 5, 15 agus 17 go háirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis ó thaobh leibhéal an chánachais de a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

Le litir dar dáta an 20 Bealtaine 2026, chuir údaráis na hÉireann an Coimisiún ar an eolas go raibh sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar údarú chun laghdú sealadach a chur i bhfeidhm ar na rátaí cánach náisiúnta éifeachtacha le haghaidh úsáid tráchtála gás-ola ag oibreoirí iompair de bhóthar atá cáilithe faoin bhforáil maidir le húsáid tráchtála d'Airteagal 7(2) den Treoir, ar rátaí cánach iad a théann faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais mar a leagtar síos in Airteagal 7 agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir. Le litir dar dáta an 1 Iúil 2026, thug údaráis na hÉireann soiléiriú breise ar fhad an údaraithe a iarradh.

Ó cuireadh tús leis an gcogaíocht i gCaolas Hormuz an 28 Feabhra 2026 agus ó tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh mar gheall ar an gcogaíocht chéanna, tá laghdú go 37,185 cent in aghaidh an lítir tugtha isteach ag Rialtas na hÉireann ar an leibhéal foriomlán máil a chuirtear i bhfeidhm maidir le gás-ola a úsáidtear mar thiomántán le héifeacht ón 15 Aibreán 2026 ar aghaidh.

Ina theannta sin, tá scéim lacáiste díosail i bhfeidhm ag Éirinn a théann chun tairbhe d'oibreoirí tarlaithe bóthair agus d'oibreoirí paisinéirí bus mar a cheadaítear faoi Airteagal 7(2) den Treoir. Is é an toradh atá ar an reachtaíocht a tugadh isteach ó bhí tús na géarchéime sin ann go bhfaighidh páirtithe a cháilíonn don scéim sin aisíocaíochtaí den chineál a fhágann gurb é EUR 0,25185 in aghaidh an lítir gás-ola a úsáidtear mar thiomántán an dleacht mháil éifeachtach a bheidh ar na páirtithe sin go dtí an 31 Lúnasa 2026 agus gurb é EUR 0,31689 in aghaidh an lítir gás-ola a úsáidtear mar thiomántán a bheidh ar na páirtithe céanna sin ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2026. Tá an dá ráta faoi bhun íosráta an Aontais a bhunaítear leis an Treoir.

Is í an tréimhse bhailíochta a iarradh le haghaidh an bhirt an tréimhse ó ghlacadh an chinnidh ón gComhairle go dtí an 30 Meán Fómhair 2026, ar tréimhse í atá laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir.

De réir údaráis na hÉireann, is é is aidhm don bheart maolú a dhéanamh ar an éifeacht atá ag praghsanna arda miondíola ola gáis ar oibreoirí tarlaithe bóthair agus oibreoirí paisinéirí bus, ar praghsanna iad atá chomh hard sin de dheasca na n-imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí. Leis an mbeart seo, maolófar na héifeachtaí indíreacha a bhíonn ag praghsanna

---

[1] Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj).

breosla is airde ar phraghsanna do thomhaltóirí, i bhfianaise thábhacht na n-earnálacha sin i soláthar earraí agus seirbhísí eile.

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026, chuir sí i dtábhacht gurb é an t-aistriú fuinnimh an straitéis is éifeachtaí i gcónaí chun uathriail straitéiseach na hEorpa a bhaint amach, an athléimneacht a neartú, praghsanna fuinnimh a laghdú go struchtúrach agus an fuinneamh glan flúirseach de thionscnamh AE is gá a sholáthar chun geilleagar na todhchaí a chumhachtú.

An tráth céanna, d'aithin an Chomhairle Eorpach go bhfuil gá le réitigh spriocdhírithe sa ghearrthéarma chun fuinneamh inacmhainne a áirithiú, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: an neodracht theicneolaíoch agus cásanna sonracha na mBallstát, an neamhchosaint ar leith a bhaineann le hearnálacha tionsclaíocha áirithe ar bhaol an athlonnaithe, agus an gá atá le feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh earnálacha nuálacha dianfhuinnimh, gan dochar a dhéanamh don intuarthacht ná don chothroime iomaíochta.

I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún bosca uirlisí de bhearta sealadacha spriocdhírithe a chur i láthair gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar an méadú tobann a tháinig ar phraghsanna breoslaí iontaise allmhairithe le déanaí de dheasca na géarchéime sa Mheánoirthear. Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach, tugtar treoraíocht pholaitiúil ó na Ballstáit agus is sainordú polaitiúil iad chun bearta fioscacha a ghlacadh lena gceadaítear na solúbthachtaí a iarradh. Moltar go soiléir sna Conclúidí sin úsáid iomlán a bhaint as na maoluithe agus na solúbthachtaí dá bhforáiltear sa Treoir, lena n-áirítear rátaí laghdaithe sealadacha a ghlacadh, atá nasctha go cúramach leis na himthosca urghnácha agus le cuspóirí na hinacmhainneachta fuinnimh.

Bheadh sé de chuspóir ag na bearta sin é a chur ar a gcumas do na Ballstáit réitigh spriocdhírithe shealadacha a fhorbairt chun dul i ngleic leis an tionchar diúltach atá ag na géarchéimeanna fuinnimh reatha ar phraghsanna. Tá gá leis na réitigh spriocdhírithe sin sa ghearrthéarma chun fuinneamh inacmhainne a áirithiú, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh: an neodracht theicneolaíoch agus cásanna sonracha na mBallstát, an neamhchosaint ar leith a bhaineann le hearnálacha tionsclaíocha áirithe ar bhaol an athlonnaithe, agus an gá atá le feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh earnálacha nuálacha dianfhuinnimh, gan dochar a dhéanamh don intuarthacht ná don chothroime iomaíochta.

Ó thosaigh an chogaíocht an 28 Feabhra 2026 agus ó cuireadh isteach ar Chaolas Hormuz dá dheasca sin, tá méadú tagtha ar an bpraghas ola (Brent) ó thart ar EUR 60 in aghaidh an bhairille go dtí os cionn EUR 90 in aghaidh an bhairille[2]. De réir Phríomh-Oifig Staidrimh na hÉireann, i gcás praghsanna gás-ola arna dtomhas leis an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) tháinig méadú 18 faoin gcéad orthu ar bhonn míosúil i mí an Mhárta 2026 agus bhí siad ar an leibhéal is airde ó bhí mí Iúil 2022 ann[3].

I bhfianaise na bhforbairtí is déanaí maidir le praghsanna fuinnimh ola laistigh de thréimhse an mhaolaithe sin, meastar go leanfaidh praghsanna de bheith ard. Ina dhiaidh sin, tá na hionchais ag brath go mór ar fhad na cogaíochta sa Mheánoirthear agus ar an gcur isteach ar Chaolas Hormuz.

2 AS ENER, Feasachán seachtainiúil maidir le hola, an 2 Aibreán 2026, https://energy.ec.europa.eu/data-and-analysis/weekly-oil-bulletin_ga.

3 *Focus on Fuel and Home Heating Costs March 2026 - Central Statistics Office* [Díriú ar Chostais Bhreosla agus Costais Téite Baile, Márta 2026 - An Phríomh-Oifig Staidrimh]

Bíonn praghsanna breosla faoi réir dhinimic phraghas na hamhola agus bíonn moill 1 nó 2 sheachtain ann, agus an t-idirdhealú ann gur gnách nach bhfreagraíonn praghsanna gásailín chomh díreach céanna do phraghsanna ola, agus gur gnách go mbíonn an ghás-ola atá á hallmhairiú ag an Aontas Eorpach níos luainí ná praghsanna amhola.

Fágann cineál domhanda na bpraghsanna ola agus an tionchar teoranta atá ag na Ballstáit ar na praghsanna sin, gur géarchéim eisiginiúil í an ghéarchéim seo. Beidh praghsanna domhanda comhchosúla le haghaidh táirgí fuinnimh ann i gcás na mBallstát uile.

Mar gheall ar shaintréithe geografacha sonracha Phoblacht na hÉireann agus ar a bonneagar iarnróid nach bhfuil forbartha go leordhóthanach, tá sí ag brath go mór ar iompar de bhóthar do phaisinéirí agus d'earraí araon.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Léitear Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, de Threoir 2003/96 ón gComhairle mar a leanas:

'*Sa bhreis ar na forálacha a leagtar amach sna hAirteagail roimhe seo, go háirithe in Airteagail 5, 15 agus 17, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais*.'

Trí bhíthin na laghduithe cánach i gceist, tá sé beartaithe ag údaráis na hÉireann maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag na praghsanna arda miondíola gás-ola ar earnáil an iompair de bhóthar, arb éifeachtaí iad arna spreagadh ag an gcogaíocht sa Mheánoirthear agus, ar deireadh, trí na héifeachtaí indíreacha a mhaolú, agus tá sé beartaithe acu chomh maith an cuspóir a shaothrú maidir leis na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí a laghdú.

D'fhágfadh na haisíocaíochtaí cánach sin go dtairbheodh faighteoirí de rátaí máil éifeachtacha atá faoi bhun íosráta an Aontais a leagtar síos sa Treoir, sin is cúis leis an iarratas ar údarú atá á phlé.

Is féidir tabhairt isteach rátaí cánach éifeachtacha den chineál sin a bheartú faoi Airteagal 19 den Treoir ós rud é gurb é is cuspóir dó cead a thabhairt do na Ballstáit díolúintí, aisíocaíochtaí nó laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

Tá an tréimhse theoranta bhailíochta laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir, agus féadfar í a athnuachan.

Ar deireadh, níl an laghdú cánach carnach le haon chineál eile laghdaithe cánach.

Sna himthosca sin, is cosúil go bhfuil sé iomchuí an t-údarú a dheonú le haghaidh na tréimhse a iarradh.

An tráth céanna, bíonn costais fhioscacha i gceist le haisíocaíochtaí cánach agus is gnách go méadaíonn siad an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise, rud a chuireann leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh. Dá bhrí sin, ba cheart an beart a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar an éileamh ar bhreoslaí iontaise chomh maith lena chostas fioscach. I gcás inar gá, ba cheart bearta cúiteacha a dhéanamh.

*Rialacha maidir leis an státchabhair*

Leis an laghdú ar rátaí cánachais éifeachtacha a d'iarr údaráis na hÉireann, beidh rátaí faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais ar bhreoslaí iompair mar a leagtar síos in Airteagal 7 agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir. Go sonrach, is é a bheidh sna rátaí cánach éifeachtacha EUR 0,25185 in aghaidh an lítir gás-ola a úsáidtear mar thiomántán le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Lúnasa 2026, agus EUR 0,31689 in aghaidh an lítir gás-ola a úsáidtear mar thiomántán le haghaidh na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2026. Beidh feidhm ag na rátaí sin maidir leis na páirtithe sin atá cáilithe faoi scéim a bunaíodh de bhun Airteagal 7(2) den Treoir, agus maidir leis na páirtithe sin amháin.

Tá an togra seo gan dochar d'aon mheasúnú ar bheart na hÉireann faoi rialacha maidir leis an státchabhair. Thairis sin, leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ní dhéantar réamhbhreith ar oibleagáid an Bhallstáit comhlíontacht na rialacha maidir leis an státchabhair a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar gach dréachtmhaolú faoi Airteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, an gá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú agus beartais sláinte, chomhshaoil, fuinnimh agus iompair an Aontais á gcur san áireamh.

De réir údaráis na hÉireann, leis an aisíocaíocht chánach atá beartaithe, ba cheart go maolófaí go páirteach ar an ualach sóisialta agus eacnamaíoch atá ar dhaonra na hÉireann i ngeall ar an méadú a tháinig le déanaí ar phraghas na mbreoslaí iompair a d'eascair as an gcogaíocht sa Mheánoirthear agus as an gcur isteach ar Chaolas Hormuz chomh maith, a bhfuil an riosca ann go mbeadh tionchar ag éifeachtaí indíreacha praghsanna ar iompar earraí agus ar sholáthar seirbhísí iompair.

Mar thoradh ar an staid eisceachtúil sin, ní dócha go ndéanfaidh an beart sealadach sin difear don trádáil laistigh den Aontas. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an beart inghlactha ó thaobh fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de agus maidir leis an ngá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú. I bhfianaise na n-éifeachtaí teoranta agus na tréimhse teoranta a bhaineann leis an mbeart, níor cheart go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh ná níor cheart go gcuirfí bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

**Beartas comhshaoil agus aeráide**

Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí dá chuspóirí aeráide agus fuinnimh mar a luaitear sa Dlí Aeráide Eorpach (Rialachán 2021/1119). Níor cheart lagú struchtúrach ar chomharthaí praghais lena spreagtar éifeachtúlacht fuinnimh agus an t-aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite a bheith mar thoradh ar na laghduithe sealadacha cánach a cheadaítear leis an ngníomh seo.

**Beartas fuinnimh**

I bhfianaise scála an mhéadaithe thobainn ar phraghsanna a tháinig as an staid sa Mheánoirthear, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit a bheith in ann na rátaí máil a laghdú go sealadach faoi bhun íosrátaí an Aontais le haghaidh táirgí.

I bhfianaise fhad gearr an údaraithe agus na n-imthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair agus atá nasctha leis an staid gheopholaitiúil mar aon le praghas margaidh thar a bheith ard ar tháirgí fuinnimh, meastar go bhfuil sé leordhóthanach agus comhréireach a bheith in ann rátaí

máil a laghdú faoi bhun na n-íosrátaí a bhunaítear faoin Treoir i bhfianaise an ghá atá le cothromaíocht a bheith ann idir na cuspóirí sonracha beartais a liostaítear in Airteagal 19 den Treoir, agus go h-áirithe i mbeartas comhshaoil an Aontais, agus an riachtanas éigeandála atá ann inacmhainneacht a áirithiú le haghaidh gnólachtaí agus teaghlach.

**Beartas an mhargaidh inmheánaigh agus iomaíocht chóir**

Mar thoradh ar an staid eisceachtúil, ní dócha go ndéanfaidh an beart sealadach sin difear don trádáil laistigh den Aontas. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil an beart inghlactha ó thaobh fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh de agus maidir leis an ngá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú. I bhfianaise na n-éifeachtaí teoranta agus na tréimhse teoranta a bhaineann leis an mbeart, níor cheart go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh ná níor cheart go gcuirfí bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

**Beartas sóisialta**

An méadú ar chostas an fhuinnimh ar fud an Aontais a chonacthas agus a raibh coinne leis agus na héifeachtaí indíreacha a eascraíonn as sin, tá tionchar díréireach acu ar chostas an fhuinnimh ar theaghlaigh ar ioncam íseal[4]. Dá bhrí sin, is féidir tionchar sóisialta dearfach a bheith ag laghduithe ar dhleachtanna máil atá dírithe ar oibreoirí tarlaithe bóthair agus oibreoirí paisinéirí bus trí rannchuidiú le méaduithe costais a íoslaghdú do theaghlaigh ar ioncam íseal.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl an réimse cánach indírí a chumhdaítear le hAirteagal 113 CFAE ann féin faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 3 CFAE.

Os a choinne sin, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, tugadh inniúlacht eisiach don Chomhairle, mar ábhar dlí thánaistigh, chun na Ballstáit a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit iad féin a chur in ionad na Comhairle. Mar thoradh air sin, níl prionsabal na coimhdeachta infheidhme maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo. In aon chás, ó tharla nach dréachtghníomh reachtach é an gníomh seo, níor cheart é a tharchur chuig Parlaimintí náisiúnta de bhun Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí lena athbhreithniú maidir lena chomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann na laghduithe cánach thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir i gceist a bhaint amach.

Tá tréimhse an-teoranta ama ag gabháil leis an údarú (ó ghlacadh an údaraithe ag an gComhairle go dtí an 30 Meán Fómhair 2026) agus déantar é i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh.

---

[4] *Economic and distributional effects of higher energy prices on households in the EU - Employment, Social Affairs and Inclusion* [Éifeachtaí eacnamaíocha agus dáileacháin a bhíonn ag praghsanna fuinnimh níos airde ar theaghlaigh san Aontas Eorpach - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú]

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle atá san ionstraim atá beartaithe. Ní dhéanann Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE foráil ach maidir leis an gcineál sin birt.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní cheanglaítear leis an mbeart aon mheastóireacht ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne Éire agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra seo le húdarú a thabhairt do Bhallstát aonair ar a iarraidh féin agus ní cheanglaítear leis measúnú tionchair a dhéanamh. I gcomhréir leis na rialacha maidir le rialáil níos fearr, níl na cineálacha sin gníomhartha faoi réir measúnú tionchair, de bharr a gcineáil.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní dhéantar foráil leis an mbeart maidir le simpliú. Is toradh é ar an iarraidh a rinne Éire agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an mbeart ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirtear aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas leis an mbeart. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl gá le plean cur chun feidhme. Baineann an togra seo le húdarú le haghaidh laghdú cánach éifeachtach, a sholáthraítear ar feadh tréimhse theoranta ama. Is féidir na rátaí cánach is infheidhme titim faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a leagtar síos sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart i gcás togra chun síneadh a chur le bailíocht an Chinnidh seo.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear leis an togra aon doiciméad míniúcháin a bheith ann maidir leis an trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sonraítear in Airteagal 1 go gceadófar d'Éirinn rátaí cánachais laghdaithe faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola a úsáidtear ar bhonn tráchtála in earnáil an iompair de bhóthar.

Sonraítear in Airteagal 2 go ndeonaítear an t-údarú a iarradh ar feadh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh go dtí an 30 Meán Fómhair 2026, mar a d'iarr Éire, ar tréimhse í atá laistigh den uastréimhse 6 bliana a cheadaítear leis an Treoir.

2026/0190 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear Éire chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le húsáid tráchtála gás-ola ag oibreoirí áirithe iompair de bhóthar, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[5], agus go háirithe Airteagal 19(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sular glacadh an Cinneadh seo, na forbairtí geopholaitiúla sa Mheánoirthear, a raibh tionchar acu ar shlabhraí soláthair ola agus táirgí ola ar fud an domhain, spreag siad méaduithe géara leanúnacha ar phraghsanna mórdhíola agus miondíola táirgí fuinnimh. Bhí éifeachtaí díobhálacha móra ag na méaduithe sin ar theaghlaigh, go háirithe ar thomhaltóirí leochaileacha, agus ar ghnóthais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ar an gcaoi sin tá riosca tromchúiseach ag baint leo don chomhtháthú sóisialta, don chobhsaíocht eacnamaíoch agus d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(2) Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026[6], d’aithin sí cineál urghnách staid an mhargaidh fuinnimh agus na himpleachtaí maicreacnamaíocha a bhaineann leis an staid sin. D’iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun bearta náisiúnta sealadacha spriocdhírithe a cheapadh, chun tionchair mhóra na méaduithe ar phraghsanna breosla mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear a mhaolú, agus chuir sí i dtábhacht go háirithe an gá atá le freagairt chomhordaithe ós rud é go bhfuil tionchar láithreach ag an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear ar phraghsanna fuinnimh i gcás saoránach agus ghnólachtaí an Aontais.

(3) Dleachtanna máil, arna mbunú le Treoir 2003/96/CE, cuireann siad le costas deiridh na dtáirgí fuinnimh a sholáthraítear laistigh den Aontas. Le laghdú ar dhleachtanna máil faoi bhun na n-íosrátaí, is féidir cuid de na méaduithe ar chostais fuinnimh atá roimh na Ballstáit faoi láthair a mhaolú.

(4) Leis na sásraí dá bhforáiltear i dTreoir 2003/96/CE, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit, laistigh de theorainneacha sainithe, an t-ualach cánach ar tháirgí sonracha fuinnimh a laghdú ar bhealach spriocdhírithe sealadach. I bhfianaise chineál eisceachtúil agus práinneach na staide reatha, is gá foráil a dhéanamh maidir le sásraí

[5] IO L , , lch. .

[6] https://www.consilium.europa.eu/media/lwhk3itd/en-20260319-european-council-conclusions.pdf

sonracha a bhfuil teorainn ama leo, arb é is aidhm shainráite dóibh tionchar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh a mhaolú.

(5) Le laghduithe sealadacha ar an gcánachas ar tháirgí fuinnimh spriocdhírithe, is féidir faoiseamh tapa a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnóthais trí phraghsanna a laghdú go díreach le haghaidh úsáideoirí deiridh. Sa staid reatha, is ionstraim oiriúnach agus riachtanach iad na laghduithe urghnácha sin chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar a eascraíonn as an suaitheadh i bpraghsanna fuinnimh.

(6) Le litreacha dar dáta an 20 Bealtaine 2026 agus an 1 Iúil 2026, d'iarr údaráis na hÉireann údarú, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, chun rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm, i bhfoirm aisíocaíochtaí, maidir le gás-ola a úsáidtear le haghaidh úsáidí tráchtála in earnálacha an tarlaithe bóthair agus paisinéirí bus go sonrach.

(7) Trí na haisíocaíochtaí sin, arb aisíocaíochtaí iad a dhéanfadh Éire trí bhíthin a scéime lacáiste díosail a bunaíodh chun na críche sin, thitfeadh an ráta máil éifeachtach le haghaidh gás-ola do pháirtithe cáilitheacha go EUR 0,25185 in aghaidh an lítir le haghaidh na tréimhse go dtí an 31 Lúnasa 2026 agus go EUR 0,31689 in aghaidh an lítir le haghaidh na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meán Fómhair 2026. Titeann na rátaí éifeachtacha sin faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais is infheidhme maidir le breosla d'fheithiclí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE.

(8) De réir údaráis na hÉireann, is é is aidhm do chur i bhfeidhm na rátaí laghdaithe dleachta máil sin maolú a dhéanamh ar thionchar an ardaithe praghsanna gás-ola a d'eascair as an staid gheopholaitiúil agus a dhéanann difear go díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon nó a dhéanann difear go hindíreach dóibh trí éifeachtaí indíreacha.

(9) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an údarú a iarradh agus chinn sé nach dócha go gcuirfeadh sé bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Measann an Coimisiún go bhfuil an maolú a iarradh leordhóthanach agus comhréireach, i bhfianaise a fhaid ghearr, agus i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an staid gheopholaitiúil, mar aon leis an bpraghas margaidh an-ard ar ola, agus an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir na cuspóirí beartais sonracha a liostaítear in Airteagal 19(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/96/CE, go háirithe beartas comhshaoil an Aontais, agus an riachtanas éigeandála inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Éire a údarú chun rátaí laghdaithe dleachta máil atá faoi bhun íosleibhéil an Aontais a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le gás-ola a bhíonn in úsáid mar bhreosla d'fheithiclí ag daoine nó eintitis a cháilíonn d'aisíocaíochtaí faoi scéim lacáiste díosail na hÉireann.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta go docht ó thaobh ama de. Mar sin féin, chun nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, íosleibhéil nua chánachais a thabhairt isteach le haghaidh gás-ola a úsáidtear mar bhreosla d'fheithiclí, arb íosleibhéil iad nach bhfuil an t-údarú a dheonaítear leis an gCinneadh seo comhoiriúnach leo, is iomchuí a fhoráil gur cheart deireadh a theacht le feidhm an údaraithe sin.

(12) An tráth céanna, bíonn costais fhioscacha mhóra i gceist le laghduithe cánach agus is gnách go méadaíonn siad an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise, rud a chuireann leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh. Dá bhrí sin, an t-údarú a deonaíodh leis an gCinneadh seo, ba cheart é a bheith teoranta go docht ó thaobh ama de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear Éire chun na híosrátaí máil éifeachtacha seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí iompair de bhóthar a úsáideann gás-ola tráchtála mar thiomántán, mar a shainmhínítear in Airteagal 7(3) de Threoir 2003/96/CE:

(a) EUR 0,25185 in aghaidh an lítir gás-ola, le haghaidh na tréimhse idir an dáta a thugtar fógra faoin an gCinneadh seo agus an 31 Lúnasa 2026;

(b) EUR 0,31689 in aghaidh an lítir gás-ola, le haghaidh na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair 2026 agus an 30 Meán Fómhair 2026.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

Mar sin féin, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, na híosleibhéil chánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE le haghaidh gás-ola a úsáidtear mar bhreosla d’fheithiclí a mhodhnú go híosleibhéil chánachais nach bhfuil an t-údarú a dheonaítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo comhoiriúnach leo, scoirfidh an Cinneadh seo d’fheidhm a bheith aige ar an dáta óna mbeidh feidhm ag na híosleibhéil chánachais mhodhnaithe sin.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na hÉireann a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*